# *Múineadh na Gaeilge*

Cur chuige comhtháite, feasacht teanga agus fíor-úsáid na teanga

## Cúlra

Is Sampla é seo ó rang a sé i scoil mhór, uirbeach a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Fáiltíonn an scoil roimh pháistí ó réimse leathan cúlraí teanga agus cultúrtha agus i measc na bpáistí sa rang seo, labhraítear 11 theanga dhifriúla sa bhaile. Sa scoil seo, spreagtar na páistí leas a bhaint as an teanga/na teangacha a labhraíonn siad sa bhaile chun cur lena gcuid foghlama a oiread agus is féidir, laistigh agus lasmuigh de chomhthéacsanna foghlama foirmeálta, agus laistigh agus lasmuigh de chleachtaí foghlama teanga.



Cuireann an físeán seo *Múineadh na Gaeilge* i láthair agus díríonn sé ar:

- Fíor-úsáid na teanga
- Comhtháthú na trí shnáithe laistigh d'eispéireas foghlama
- Feasacht teanga

## Príomh Chuir Chuige san Fhíseán

### Fíor-úsáid na teanga

San fhíseán seo, feictear go bhfuil cuspóir ag an nGaeilge san fhíorshaol (an aimsir). Agus an cur chuige seo á thógáil ag an múinteoir, cinntítear gur féidir an stór focal nua a úsáid arís go neamhfhoirmiúil i gcomhthéacsanna eile lasmuigh den cheacht teanga os rud é go mbaineann sé le gnáthrudaí laethúla a bhfuil sé de nós againn labhairt fúthu (sa sampla seo, an aimsir).

### Comhtháthú na Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

Cuimsíonn an t-eispéireas foghlama seo gníomhaíochtaí ó na snáitheanna Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht. Mar a luaitear i gCuraclam Teanga na Bunscoile, cé go bhfuil scileanna scoite teanga a bhaineann le gach snáithe bunriachtanach, má théann an páiste i ngleic le gach uile shnáithe ar bhealach comhtháite, beidh sé/sí in ann cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh.

### Feasacht Teanga

Bíonn gníomhaíochtaí feasachta teanga ann i rith an ranga ar fad, cuid díobh atá pleanáilte agus cuid eile a tharlaíonn go spontáineach. Tugann na gníomhaíochtaí seo deis do pháistí an bealach a n-oibríonn teangacha eile a scrúdú agus naisc a thabhairt faoi deara idir teangacha. Spreagann an múinteoir na páistí a labhraíonn teangacha seachas an Béarla agus an Ghaeilge sa bhaile léargas a roinnt ar na teangacha seo leis an rang. Cuireann an chomhroinnt eolais seo go mór leis an gceacht mar fhoinse shaibhir eolais, foghlama agus plé don chuid eile den rang, agus, go deimhin, don mhúinteoir.

## Múineadh trí Mhéan na Gaeilge

Tabhair faoi deara gur **Gaeilge amháin** a labhraíonn an múinteoir san fhíseán. Is é seo an bunphrionsabal chun go n-éireoidh le teagasc agus foghlaim an dara teanga agus na teanga breise. Ní hamháin go gcinntítear tuilleadh teagmhála leis an teanga, ach tugtar deis don mhúinteoir dea-shampla de Ghaeilge chruinn, chruthaitheach agus líofa a léiriú. Nuair a labhraíonn na páistí leis an múinteoir i mBéarla, tabhair faoi deara go bhfreagraíonn sí as Gaeilge iad agus, más féidir, spreagann sí na páistí an méid a dúirt siad a athrá i nGaeilge nó léiríonn sí an struchtúr ceart don pháiste.



# Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Agus an múinteoir ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim, baineann sí leas as an ***gcur amach atá aici ar na páistí*** (m.sh. na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama), ***an cur amach atá aici ar an gcuraclam*** (Torthaí Foghlama a roghnú, féach thíos) agus ***an cur amach atá aici ar an oideolaíocht*** (m.sh. ag nascadh le teangacha baile, fíordheiseanna cumarsáide, obair ghrúpa). Áirítear leis an ***ullmhúchán dofheicthe*** a dhéanann sí na hidirghníomhaíochtaí ó nóiméad go nóiméad leis na páistí agus na breathnuithe a dhéanann sí ina leith, mar aon leis na comhráite a bhíonn aici le múinteoirí eile lena n-áirítear an Múinteoir Oideachais Speisialta, ar gnéithe iad sin a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim amach anseo. Áirítear leis an ***ullmhúchán infheicthe*** a dhéanann an múinteoir na hacmhainní a bhailíonn sí chun an fhoghlaim a fheabhsú. San ***ullmhúchán taifeadta*** a dhéanann sí, dírítear ar na Torthaí Foghlama i gcomhréir leis na Contanaim Dul chun Cinn. Sa tslí seo, is féidir léi díriú ar an bhfoghlaim nua do pháistí ar bhealach atá níos beaichte de réir mar a thugann sí tús áite do ghnéithe sonracha den Toradh Foghlama.

| Snáithe | Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|---|
| **Teanga ó Bhéal** | **TF 5:** Stór Focal | Úsáidfidh na páistí nathanna cainte agus meafair éagsúla a bhaineann leis an aimsir chun an saibhreas teanga a fhorbairt. |
| **Léitheoireacht** | **TF 5:** Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | Úsáidfidh na páistí réimse straitéisí go solúbtha agus go muiníneach chun focail a aithint i nGaeilge agus i dteangacha eile. |
| **Scríbhneoireacht** | **TF 5:** Stór Focal | Úsáidfidh na páistí stór focal agus frásaí nua chun réamhaisnéis na haimsire a scríobh.<br>Úsáidfidh na páistí focail nua i dteanga eile sa phíosa scríbhneoireachta chun ceangail a dhéanamh le teangacha baile. |

# Eispéireas Foghlama 1:
## Frásaí aimsire agus feasacht teanga

Chun tús a chur leis an rang Gaeilge, imríonn na páistí Leadóg na bhFocal chun cuimhneamh ar a réamheolas. I mbeirteanna, déanann na páistí liosta frásaí agus focal a bhaineann leis an aimsir i nGaeilge nó i dteanga baile. Breactar na focail ó theangacha baile síos ar chláir bhán. I ndiaidh na gníomhaíochta, fiosraíonn na páistí brí na bhfocal ó na teangacha eile. Spreagtar iad naisc a dhéanamh leis na focail i dteanga atá acu chun an bhrí a aithint.

Ina dhiaidh seo, d'oibrigh na páistí i ngrúpaí don **ghníomhaíocht feasachta teanga réamhphleanáilte** 'Cad atá sa bhosca?' Tá trí bhosca ag gach grúpa agus focal a bhaineann leis an aimsir i bhfolach i ngach ceann díobh ('sneachta', 'grian', 'teocht'). Chun fáil amach cén focal a bhaineann leis an aimsir atá sa bhosca, tá an focal sin aistrithe go 5 theanga dhifriúla atá le feiceáil lasmuigh den bhosca. Déanann na páistí plé ar na focail sna teangacha difriúla chun fáil amach cén focal atá istigh sa bhosca. Ag deireadh na gníomhaíochta, fiafraíonn an múinteoir den rang conas a tháinig siad ar réiteach maidir leis an bhfocal a bhí sa bhosca chun tús a chur le plé ranga.




# Eispéireas Foghlama 2:
## Ionchur agus cleachtadh

San eispéireas foghlama seo, dhírigh an múinteoir ar an stór focal nua, ag taispeáint frásaí aimsire difriúla don rang, roinnt a d'aithneoidís agus roinnt a bhí nua. Léadh amach iad agus rinneadh cleachtadh orthu mar rang. Ina dhiaidh sin, tharraing an múinteoir aird na bpáistí ar an 's' leathan agus 's' caol i séideadh

agus sneachta mar gheall gurbh fhócas discréideach é seo i ranganna léitheoireachta le deireanaí. Chuir sé seo deis ar fáil d'obair maidir le **feasacht teanga theagmhasach** agus lean plé faoi fhuaimeanna leathana agus caola i dteangacha eile, agus roinn na páistí a bhfuil eolas acu air seo óna dteangacha baile féin léargas agus samplaí leis an rang.

Ina dhiaidh sin, d'oibrigh na páistí i ngrúpaí chun roinnt frásaí aimsire a mheaitseáil le pictiúr aimsire ar leith. Thug sé seo deis do na páistí cleachtadh a dhéanamh na frásaí a léamh arís i ngrúpaí beaga, agus chabhraigh an mheaitseáil leo brí na bhfrásaí a neartú.




## Eispéireas Foghlama 3: Úsáid na teanga san fhíorshaol: Réamhaisnéis na hAimsire

San eispéireas foghlama seo, tugadh tasc cumarsáide fíorshaoil praiticiúil do na páistí- réamhaisnéis a dhéanamh ar an aimsir. Thug sé seo comhthéacs iontaofa cumarsáide don cheacht. D'úsáid na páistí na frásaí a chleacht siad níos luaithe (agus d'fhéadfaidís cinn eile a úsáid dá mba mhaith leo) chun an réamhaisnéis a dhéanamh.



Sa dara cuid den eispéireas foghlama seo, scríobh na páistí a réamhaisnéis aimsire amach. Spreagadh na páistí focail ó theangacha eile a scríobh chomh maith agus d'fhéadfaidís leas a bhaint as an méid a d'fhiosraíodar sa ghníomhaíocht feasachta teanga 'Cad atá sa Bhosca?'

## Léiriú ar an bhFoghlaim

I rith an cheachta, shiúil an múinteoir thart chun breathnú ar na páistí agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla. De réir mar ba ghá agus b'fhéideartha, thug sí treoir phearsanta do pháistí chun rudaí a mhúineadh arís/a shoiléiriú. Bhain sí leas as ceisteanna, comhdhálacha agus tascanna a dhear sí freisin chun foghlaim agus dul chun cinn na bpáistí a mheas. Úsáideadh na cártaí ABCD mar ghníomhaíocht ranga chun cumas na bpáistí brí na bhfrásaí aimsire a oibriú amach a mheas. Léirítear é seo san fhíseán.

## Ceisteanna Machnaimh

1. Tá cur i bhfeidhm na foghlama sa fíorshaol soiléir san fhíseán seo. Mar a luadh cheana, is é ceann de bhuntáistí an mhodha seo ná gur féidir leis na páistí na focail seo a úsáid arís go neamhfhoirmiúil ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh san fhíorshaol. Ag cuimhneamh ar cheacht Gaeilge a mhúin tú le deireanaí, an féidir leat bealaí a mionathrófá an ceacht ar mhaithe le béim a chur ar fhíor-úsáid na teanga a aithint, a léiríonn riachtanais chumarsáide na bpáistí?
2. Tá an fheasacht teanga (go háirithe, an chomparáid idir teangacha) le feiceáil go soiléir san fhíseán seo. Céard iad gnéithe ar leith na teanga a fhiosraíonn na páistí san fhíseán nuair a chuireann siad teangacha i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile? Cén chaoi ar féidir le scoil gan an éagsúlacht teanga agus chultúrtha chéanna é seo a bhaint amach?
3. Trí pháistí a spreagadh ceangal a dhéanamh lena dteangacha baile, dearbhaítear a bhféiniúlachtaí agus cruthaítear bunchloch láidir d'fhoghlaim teanga bhreise. An féidir leatsa buntáistí an mhodha seo don chainteoir dúchais Béarla/Gaeilge a aithint chomh maith?

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo.